

Aighneacht maidir le Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2014

SCÉIM GHINEARÁLTA AGUS CEANNTÉIDIL AN BHILLE

Le cur faoi bhráid an Fhochoiste Oireachtais don Ghaeilge

1. Tá imní ar an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta go bhfuil lagú agus caolú á dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla.
2. Ainneoin na reachtaíochta, dúshlán leanúnach é don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le ranna stáit.
3. Cúis díomá don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta nár cuireadh i bhfeidhm aon chuid de na moltaí a rinneadh le linn an phróisis comhairliúcháin.
4. Cúis díomá freisin é gur chinn an chéad Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, nach raibh de rogha aige ach éirí as a dhualgais de bharr easpa feidhmithe Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Leasuithe molta:

Ceannteideal 6 Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht

Foráil a dhéanamh:

Maidir le fo-alt nua a áireamh in alt 13(2) lena gceanglaítear go ndéantar na poist laistigh den chomhlacht poiblí ina bhfuil gá le hinniúlacht sa Ghaeilge a shonrú i ngach scéim teanga.

Nóta míniúcháin

Tagann an leasú seo le breith an Rialtais an 30 Deireadh Fómhair 2013 an beartas a bhíodh ann marcanna bónaís a bhronnadh as inniúlacht sa Ghaeilge i gcomórtais earcaíochta agus ardaíthe céime sa státseirbhís a chúlghairm agus córas bunaithe ar inniúlachtaí a chur ina ionad faoina mbeidh inniúlacht sa Ghaeilge ina ceanglas le haghaidh poist shonraithe. I dteannta an cheanglais go ndéanfar, i bpleananna fórsa saothair Ranna agus Oifigí Rialtais amach anseo, poist/réimsí oibre a shonrú ina bhfuil gá le daoine atá in ann feidhmiú sa dá theanga, beartaítear go mbeidh foráil den tsamhail sin i scéimeanna teanga amach anseo. Ceannteideal 7 Leasú ar alt 14 den Phríomh-Acht

**5. Is é an deacracht atá ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ranna stáit agus áisíneachtaí eile a mbíonn plé acu le scoileanna, an dúshlán is mó atá ann do scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht.**

- Moltar go gcuirfear rannóg ar bun sa Roinn Oideachais agus Scileanna le déileáil le gach gné den oideachas Gaeltachta agus lán-Ghaeilge- idir chúrsaí curaclaim, polasaí, tógála, párolla, ceapacháin agus a leithéid le foireann lán-inniúil ar an nGaeilge agus ar oideachas Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.
- Iarrtar freisin go mbeidh daoine aitheanta lán-inniúil ar an nGaeilge ar fhoireann na ranna agus na n-áisíneachtaí eile a mbíonn plé ag scoileanna leo (HSE, An Roinn Comhshaoil, Na Boird Oideachais agus Oiliúna, mar shampla)

Foráil a dhéanamh:

Maidir leis an tréimhse ar lena linn a fhanfaidh scéim teanga i bhfeidhm a mhéadú ó 3 bliana go dtí 7 mbliana.

Nóta míniúcháin

Leis an togra seo, maolófar go mór an t-ualach riaracháin a bhaineann le scéimeanna teanga a dhréachtú, a chomhaontú agus a dhaingniú. Ina theannta sin, tabharfar deis do chomhlachtaí poiblí leis an togra seo a gcuid tosaíochtaí a shainnithint agus a eagrú chun go mbeifear ag cur feabhas de réir a chéile ar sheirbhísí trí Ghaeilge ar mhodh a bheidh níos straitéisí. Tá formáid nua sholáimhsithe chun scéimeanna teanga a ullmhú á tabhairt isteach chun an fhoráil seo a chomhlánú.

Leanfaidh Oifig an Choimisinéara Teanga d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh gealltanais scéimeanna teanga ag comhlachtaí poiblí.

Leanfaidh na scéimeanna teanga go léir atá ann cheana de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana nó go dtí cibé tráth a dhéanfar scéimeanna nua a chuirfear ina n-ionad a chomhaontú, cibé acu is déanaí.

- 6. Ní aontaíonn an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta leis an moladh seo síneadh ceithre bhliana a chur le tréimhse feidhmithe scéimeanna. Cúis díomá é faoi láthair an oiread scéim atá as feidhm agus chuirfeadh an síneadh seo leis an bhfadhb de bharr nach mbeadh aon bhrú ar na comhlachtaí spríocanna gearrthréimhseacha a leagan síos.**

Ceannteideal 9 Alt Nua: Ainmneacha agus seoltaí poist Gaeilge

Foráil a dhéanamh:

Maidir le daoine d'úsáid leagan Gaeilge nó leagan Béarla a n-ainmneacha agus a seoltaí poist, cibé acu is mian leo, ina gcomhfhreagras le comhlachtaí poiblí.

Nóta míniúcháin

Is é an cuspóir atá leis an gCeannteideal seo a cheadú do dhaoine leaganacha Gaeilge nó Béarla a n-ainmneacha agus a seoltaí a úsáid le linn dóibh cumarsáid a dhéanamh le comhlachtaí poiblí. Is é an prionsabal bunúsach atá leis nár cheart go ndéileálfadh comhlachtaí poiblí le daoine ar mian leo leaganacha Gaeilge a n-ainmneacha a úsáid le níos lú fabhair ná mar a dhéileálfaí le daoine ar mian leo na leaganacha Béarla a úsáid.

Leis an togra seo, tabharfar aghaidh ar na deacrachtaí is féidir a bheith ag daoine a bhfuil a n-ainmneacha i nGaeilge le linn dóibh a gcuid sonraí pearsanta a chur isteach i gcórais teicneolaíochta faisnéise (TF) a úsáideann comhlachtaí poiblí. I measc na ndeacrachtaí sin, d'fhéadfadh, mar shampla, an síneadh fada a bheith fágtha ar lár nó gan a bheith ina charachtar aitheanta i gcórais TF.

D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí praiticiúla ann i réimsí ar nós TF agus córais ghnó eile a úsáidtear san earnáil phoiblí mar gheall ar an bhforáil seo a áireamh agus, dá bhrí sin, seans go dteastóidh tréimhse réamhullmhúcháin sula gcuirfear i bhfeidhm í d'fhonn a chumasú do chomhlachtaí poiblí a gcórais a choigeartú. De thoradh air sin, tá sé beartaithe a chumasú don Aire an fhoráil seo a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe ar dháta nó ar dhátaí a fhorordófar le rialachán. Is é aidhm don chur chuige seo a cheadú don Aire cur leis an liosta comhlachtaí lena mbaineann an fhoráil seo de réir mar a choigeartaítear a gcórais ghnó chun

freastal di. Ar leibhéal praiticiúil, déanfar an ceanglas nua seo faoin Acht a chur in iúl do chomhlachtaí poiblí ar bhonn riaracháin agus iarrfar orthu scála ama a chur ar fáil ar laistigh de a chomhaontaíonn siad na coigeartuithe cuí a dhéanamh ar a gcórais.

- 7. Tugann an fhoráil seo le fios go bhfuil ‘leagan’ Gaeilge agus ‘leagan’ Béarla d’ainmneacha ann agus, i gcás daoine a roghnaíonn ‘leagan’ Gaeilge a úsáid go mb’fhéidir nach mbeifear in ann déileáil leis seo go ceann roinnt blianta.**

**Dar leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, ní thugann sé seo aitheantas do dhaoine nach ‘leagan’ d’ainm atá acu ach ainm amháin de réir mar a baistíodh iad agus nach n-úsáidtear riamh ainm ach í. Is gá go mbeadh gach córas TF in ann déileáil le hainmneacha Gaeilge óir níl de dhifríocht eatarthu agus ainmneacha Béarla ach sínte fada agus nós lucht an Bhéarla uaschamóg a chur le gach Ó.**

Muireann Ní Mhóráin  
Thar ceann na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta